C/2026/2455

27.4.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/2455)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Pays d'Auge / Pays d'Auge-Cambremer'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-0042-AM01 — 02 Feabhra 2026

1. **Ainm an táirge**

'Pays d'Auge / Pays d'Auge-Cambremer'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **An tÚdarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Eagraíocht

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Níl i gceist leis an iarratas ar leasú ar an ATFC 'PAYS D'AUGE'/'PAYS D'AUGE - CAMBREMER' aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad, go sonrach:

(a) níl athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint i gceist leis;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánach) formheasta**

Teideal

Tuairisc ar an táirge

Tuairisc

Cuireadh príomhshaintréithe an mhodha táirgthe lena sainítear an táirge leis an tuairisc ar an táirge: ‘ceirtlis shúilíneach a fhaightear trí choipeadh tánaisteach sa bhuidéal’.

Baineadh an téarma ‘keeved’, a thagair do reachtaíocht na Fraince, agus áiríodh na coinníollacha is infheidhme maidir leis an ATFC ‘Pays d’Auge / Pays d’Auge-Cambremer’ sa tsonraíocht táirge.

Cuireadh ‘nó cothrom le’ le foclaíocht na saintréithe anailíseacha, chun na seiceálacha a shoiléiriú.

Ar deireadh, cuireadh brú sa bhuidéal in ionad an chion dé-ocsaíde carbóin mar thomhas ar mhéid an choipthe thánaistigh, rud a sholáthraíonn tomhas eile ar choipeadh tánaisteach agus atá níos éasca a sheiceáil, toisc nach bhfuil gá le hanailís saotharlainne ina leith. Socraíodh an spriocluach ag leibhéal brú atá coibhéiseach leis an luach dé-ocsaíde carbóin.

Athraíodh foclaíocht na tuairisce orgánaileiptí le haghaidh ‘Pays d’Auge/Pays d’Auge-Cambremer’ chun í a dhéanamh níos sonraí agus níos oibiachtúla: Cuireadh isteach na focail ‘ó dhath órbhuí go dath buí oráiste’. Baineadh na tuairisceoirí ‘fíneáltacht a dhea-bholaithe’ agus ‘galántacht a chothromaíochta’, a mheastar a bheith suibiachtúil, agus cuireadh ‘milseacht chothromaithe sa bhéal ar dtús, agus ruainnín searbhais ar an iarbhlas’ ina n-ionad. Cuireadh an abairt ‘Tá dea-bholaithe torthaíocha ag an gceirtlis óg lena ngabhann bolaithe ime úir, lena bhforbraíonn bolaithe leathair le haois’ isteach chun tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a bhforbraíonn na dea-bholaithe le himeacht ama.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Sainiú ar an limistéar geografach

Tuairisc

Chun earráid shoiléir a rinneadh nuair a bhí tuairisc á tabhairt ar an limistéar geografach mar liosta bardas a cheartú, cuireadh bardas Avernes-Saint-Gourgon leis.

Athbhreithníodh an roinn seo chun an leasú seo a ionchorprú agus an fhoclaíocht a thabhairt cothrom le dáta chun liosta na n-oibríochtaí a dhéantar laistigh den limistéar agus an tagairt do Chód Geografach Oifigiúil na Fraince a áireamh. Níor athraíodh teorainneacha an limistéir.

Cuireadh foclaíocht na míre maidir leis an ainmniúchán ‘Pays d’Auge-Cambremer’ in eagar chun feabhas a chur ar inléiteacht.

Tugadh an dáta faoina dtíolacfar na hiarratais ar aitheantas dáileachta talún chun cinn ón 1 Aibreán de bhliain N go dtí an 1 Samhain de bhliain N-1 chun gur féidir an nós imeachta a chur i gcrích ag an am iomchuí.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh an táirge

Tuairisc

Leasaíodh na rialacha inrianaitheachta chun faireachán cáilíochtúil agus cainníochtúil níos fearr ar na céimeanna táirgthe a chumasú.

Cuireadh fardal úllord in ionad an dearbhaithe maidir le sannadh dháileachtaí talún na n-úllord chun ailíniú leis na huirlisí tuairiscithe (TF) a forbraíodh.

Cuireadh deireadh leis na dearbhuithe intinne gan táirgeadh a dhéanamh agus an táirgeadh a atosú. Níor úsáideadh sa chleachtas iad.

Cuireadh síneadh 72 uair an chloig, go 8 lá, leis an sprioc-am chun éilimh a chur isteach chun laethanta saoire agus an t-ualach oibre le linn na tréimhse sin a chur san áireamh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tuairisc ar an modh táirgthe

Tuairisc

Comhdhéanamh cineálach an úlloird agus córas Oiliúna

Athbhreithníodh an fhoclaíocht chun í a ailíniú leis an bhfoclaíocht is infheidhme maidir leis na sonraíochtaí táirge le haghaidh táirgí ceirtlise eile agus modhanna rialaithe gaolmhara a bhaineann le haire a thabhairt d'úlloird. Go háirithe, luaitear anois 'Gurb éard atá san úllord ná na crainn úll sin uile ar an ngabháltas ar féidir a dtorthaí a úsáid chun "Pays d'Auge" nó "Pays d'Auge-Cambremer" a tháirgeadh.'

Áiríodh an liosta de chineálacha úll a leagtar amach san Iarscríbhinn i gcorp an téacs i gcomhréir leis na treoracha dréachtaithe. Athainmníodh an chatagóir 'Cineálacha eile' mar 'Cineálacha milse' agus soiléiríodh go n-áirítear sa chatagóir 'feanólach' cineálacha searbha agus searbhmhilse chun comhlíontacht leis an ainmníocht oifigiúil le haghaidh na gcatagóirí sin a áirithiú. I bhfianaise a pharaiméadair anailíseacha, athraíodh an cineál Germaine ón gcatagóir 'milis' go dtí an chatagóir 'feanólach'.

Luadh an méid seo a leanas: 'Chun éagsúlacht chineáil a chaomhnú, údaraítear cineálacha úll nach n-áirítear ar an liosta thuas agus a fhástar mar chrainn ardghais a bheith ar suas le 20 % de na crainn san úllord.' Cuirtear an beart seo in ionad na foclaíochta a bhí ann roimhe seo ('Mar sin féin, ceadaítear láithreacht cineálacha úll nach luaitear san fhoscríbhinn ach a dheimhnítear a bheith curtha roimh an 19 Márta 1996 suas le huasteorainn 20 % de limistéar plandaithe úlloird sainaitheanta ar ghabháltas'), rud a bhí deacair a fhorfheidhmiú i bhfianaise an ghá a bhí le cruthúnas a sholáthar. Is é is cuspóir don bheart seo cead a thabhairt crainn de chineálacha nár sainaithníodh a choinneáil ar bun sa chás go mbeadh sin ábhartha i dtéarmaí oiriúnaithe. Tá a gcion sa chumasc teoranta do 10 %.

Tugtar tuairisc ar an gcóras treoraithe anois i dtéarmaí scaradh plandaí idir na crainn agus ní i dtéarmaí airde tosaigh na mbrainsí ar an stoc a thuilleadh.

Rinneadh roinnt leasuithe ar an bhfoclaíocht chun na seiceálacha a éascú.

Buaint agus stóráil; táirgiúlacht úlloird

Chun na modhanna buainte agus stórála a shimpliú agus inrianaitheacht i gcumaisc á háirithiú an tráth céanna, cuireadh 'buantar na húlla de réir na catagóire cineáil' in ionad na foclaíochta 'cineál de réir cineáil'. Scriosadh an tagairt do 'Aibiú ceart'. Déantar an paraiméadar sin a sheiceáil le linn an phróisis trí dhlús úrfhíona a úsáid, rud atá níos ábhartha. Ina dhiaidh sin féin, is minic go leanann na húlla ag aibiú agus iad i stóráil.

Simplíodh na rialacha a bhaineann le buaint, a bhí bunaithe ar na rialacha is infheidhme maidir le fíonta súilíneacha, toisc gur torthaí níos frithsheasmhaí iad úlla ceirtlise ná fíonchaora i dtéarmaí achar titime agus airde stórála.

Ní leis an ábhar buainte amháin a bhaineann diúscairt dramhaíola plandaí, toisc go ndéantar é de láimh freisin tar éis na húlla a shórtáil agus a ní.

Scriosadh freisin an ceanglas cineálacha a choinneáil ar leithligh má stóráiltear iad ar feadh níos mó ná 3 lá, toisc nach raibh aon údar teicniúil leis.

Ríomhtar an táirgeacht mar an meán thar 2 bhliain chun an feiniméan an tugtha dhébhliantúil torthaí a chur san áireamh.

Cuireadh leis an bhfoclaíocht chun a shonrú conas ba cheart an táirgeacht a ríomh.

Eastóscadh sú agus brú

Chun aird a tharraingt ar an modh treoraithe ardghais atá traidisiúnta in Pays d'Auge, tugadh isteach ceanglas 30 % le haghaidh na n-úll a úsáidtear.

Cuireadh seiceáil dlúis in ionad mhéid siúcra an úrfhíona, toisc gurb é sin an modh tomhais a úsáideann táirgeoirí go coitianta. Tá an spriocluach atá beartaithe (dlús íosta 1 050) coibhéiseach leis an spriocluach atá i bhfeidhm faoi láthair (méid siúcra 108 g/lítear).

Táirgeadh ceirtlise

Leasaíodh an ráiteas maidir le gléghlanadh mar a leanas: 'Tá sé sainordaitheach úrfhíonta a ghléghlanadh trí mhoirtiú peicteach', chun go mbeidh sé níos éasca é a thuiscint.

Scriosadh an tagairt do ‘choipeadh mall’ toisc nár thagair sí do spriocluach sonrach.

Leathnaíodh an toirmeasc ar ‘paistéaradh, uisce nó datháin a chur leis agus aon oibríocht atá beartaithe chun an luach nádúrtha a athrú’ chun na ceirtlisí a áireamh.

Cuireadh isteach gléghlanadh na gceirtlisí trí thrasdoirteadh.

Buidéalú agus coipeadh tánaisteach

Leasaíodh foclaíocht na roinne seo chun í a dhéanamh níos soiléire.

Ardaíodh cion an chineáil aigéadaigh a úsáidtear sa phróiseas ó 15 % go 25 % chun go mbeidh táirgeoirí in ann pH na n-úrfhíonta a rialáil ar bhealach níos fearr, ós rud é gur paraiméadar tábhachtach é sin chun faireachán a dhéanamh ar choipeadh agus ar cháilíocht na ceirtlise a fhaightear.

Cuireadh ceanglas maidir le trí chineál ar a laghad a úsáid sa phróiseas in ionad chion na n-úll den chineál céanna (a bhí teoranta do 60 % roimhe seo). Leis an leasú seo, déantar inrianaitheacht na dtorthaí a chuíchóiriú agus áirithítear an tráth céanna go ndéantar na cumaisc ó roinnt cineálacha éagsúla.

Tá cion na n-úll de chineálacha nach n-áirítear ar an liosta teoranta do 10 %, chun a dtionchar ar phróifíl orgánaileipteach na gceirtlisí a laghdú.

Cuireadh toirmeasc ar ghású in ionad an ráitis ‘Tá toirmeasc ar ghás eisginiúil a chur isteach ag gach céim den táirgeadh agus den bhuidéalú’. Tá sé beartaithe leis an leasú seo cosc a chur ar instealladh gáis chun broidearnach an táirge a mhéadú nó a fheabhsú. Mar sin féin, ceadaítear an modh aistrithe gáis cúlbhrú le linn oibríochtaí buidéalúcháin chun na bolgáin a chosc ar éalú.

Baineadh saintréithe an táirge chríochnaithe den roinn seo toisc go mbaineann siad leis an roinn maidir le tuairisc ar an táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fianaise ar an nasc leis an timpeallacht gheografach

Tuairisc

Rinneadh an roinn seo a athscríobh agus a leasú chun na treoracha dréachtúcháin atá i bhfeidhm a chomhlíonadh. Go háirithe, cuireadh isteach mír thosaigh:

‘Tagann saintréithe sonracha an ATFC ‘Pays d’Auge’ nó ‘Pays d’Auge-Cambremer’ ó na dálaí ithreach agus aeráide sa limistéar geografach agus ó shaineolas na dtáirgeoirí áitiúla, go háirithe an fíoras go roghnaíonn siad cineálacha atá oiriúnaithe don limistéar; a dteicníc an laíon a fhágáil lena choipeadh i ndabhcha sula mbrúitear é; agus coipeadh tánaisteach sa bhuidéal. Tagann na tosca sin le chéile chun a próifíl orgánaileipteach shainiúil a thabhairt don cheirtlis sin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais shonracha maidir le lipéadú:

Tuairisc

Ar mhaithe le simpliú, tarraingíodh siar na forálacha sa roinn seo. Tá feidhm ag na forálacha rialaitheacha anois.

Níor coinníodh ar bun ach na forálacha maidir leis an gcaoi a bhfuil an t-ainmniúchán ‘Pays d’Auge-Cambremer’ le taispeáint agus athraíodh an fhoclaíocht iontu.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais náisiúnta

Tuairisc

Rinneadh athbhreithniú ar thábla na bpríomhphointí atá le seiceáil chun na spriocluachanna gaolmhara a ionchorprú agus teidil na bpointí agus na modhanna rialála gaolmhara a shonrú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Pays d’Auge / Pays d’Auge-Cambremer’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-0042-AM01 — 02 Feabhra 2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Pays d’Auge / Pays d’Auge-Cambremer’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

2206 - Deochanna coipthe eile (mar shampla, ceirtlis, leann piorraí, meá, sáicí); meascáin de dheochanna coipthe agus meascáin de dheochanna coipthe agus deochanna neamh-mheisciúla, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Ainmnítear le ‘Pays d’Auge’ nó ‘Pays d’Auge-Cambremer’ ceirtlis shúilíneach neamhphaistéartha neamhghásaithe a fhaightear trí choipeadh tánaisteach nádúrtha agus a dhéantar as sú íon úll ceirtlise de chineálacha sonracha a fhástar in úlloird shainaitheanta laistigh den limistéar geografach.

Tá na saintréithe seo a leanas in ‘Pays d’Auge’ nó ‘Pays d’Auge-Cambremer’ a fhaightear trí choipeadh tánaisteach:

— neart alcóil iarbhír de réir toirte atá níos mó ná 3,5 % toirte nó cothrom leis sin;

— neart alcóil iomlán de réir toirte atá níos mó ná 6 % toirte nó cothrom leis sin;

— méid siúcra atá níos mó ná 20 g/lítear nó cothrom leis sin;

— brú íosta 1,5 bar ag 20 °C.

Tá dath idir órbhuí agus buí oráiste ar ‘Pays d’Auge’ nó ‘Pays d’Auge-Cambremer’. Lena mbaineann milseacht chothromaithe sa bhéal ar dtús agus ruainnín searbhais ar an iarbhlas, tá sé beagán aigéadach. Tá dea-bholaithe torthaíocha ag an gceirtlis óg le bolaithe ime úir, lena bhforbraíonn bolaithe leathair le haois.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na húlla a fhás agus an cheirtlis a dhéanamh sa limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Cuimsítear leis an limistéar críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2025:

Roinn Calvados

Bardais a áirítear ina n-iomláine (139):

Ablon, Angerville, Annebault, Auberville, Auvillars, Barneville-la-Bertran, Beaufour-Druval, Beaumont-en-Auge, Benerville-sur-Mer, Beuvillers, Beuvron-en-Auge, Blangy-le-Château, Blonville-sur-Mer, Bonnebosq, Bonneville-la-Louvet, Bonneville-sur-Touques, Bourgeauville, Branville, Brucourt, Cambremer, Canapville, Castillon-en-Auge, Cernay, Clarbec, Coquainvilliers, Cordebugle, Courtonne-la-Meurdrac, Courtonne-les-Deux-Églises, Cresseveuille, Cricquebœuf, Cricqueville-en-Auge, Danestal, Deauville, Dives-sur-Mer, Douville-en-Auge, Dozulé, Drubec, Englesqueville-en-Auge, Équemauville, Fauguernon, Fierville-les-Parcs, Firfol, Formentin, Fourneville, Fumichon, Genneville, Glanville, Glos, Gonneville-sur-Honfleur, Gonneville-sur-Mer, Grangues, Hermival-les-Vaux, Heuland, Honfleur, Hotot-en-Auge, Houlgate, La Boissière, La Folletière-Abenon, La Houblonnière, La Rivière-Saint-Sauveur, La Roque-Baignard, La Vespière-Friardel, Le Breuil-en-Auge, Le Brévedent, Le Faulq, Le Fournet, Le Mesnil-Eudes, Le Mesnil-Guillaume, Le Mesnil-Simon, Le Mesnil-sur-Blangy, Le Pin, Le Pré-d'Auge, Le Theil-en-Auge, Le Torquesne, Léaupartie, Les Authieux-sur-Calonne, Les Monceaux, Les Moutiers-en-Auge, Lessard-et-le-Chêne, L'Hôtellerie, Lisieux, Lisores, Livarot-Pays-d'Auge, Manerbe, Manneville-la-Pipard, Marolles, Montreuil-en-Auge, Moyaux, Norolles, Notre-Dame-de-Livaye, Orbec, Ouilly-du-Houley, Ouilly-le-Vicomte, Pennedepie, Périers-en-Auge, Pierrefitte-en-Auge, Pont-l'Évêque, Prêtreville, Putot-en-Auge, Quetteville, Repentigny, Reux, Rocques, Rumesnil, Saint-André-d'Hébertot, Saint-Arnoult, Saint-Benoît-d'Hébertot, Saint-Denis-de-Mailloc, Saint-Désir, Saint-Étienne-la-Thillaye, Saint-Gatien-des-Bois, Saint-Germain-de-Livet, Saint-Hymer, Saint-Jean-de-Livet, Saint-Jouin, Saint-Julien-sur-Calonne, Saint-Léger-Dubosq, Saint-Martin-aux-Chartrains, Saint-Martin-de-Bienfaite-la-Cressonnière, Saint-Martin-de-la-Lieue, Saint-Martin-de-Mailloc, Saint-Ouen-le-Pin, Saint-Philbert-des-Champs, Saint-Pierre-Azif, Saint-Pierre-des-Ifs, Saint-Vaast-en-Auge, Surville, Touques, Tourgéville, Tourville-en-Auge, Trouville-sur-Mer, Val-de-Vie, Valorbiquet, Valsemé, Vauville, Victot-en-Auge, Vieux-Bourg, Villers-sur-Mer, Villerville.

Bardais nach n-áirítear ach go páirteach (3):

Mézidon Vallée d'Auge (críoch na mbardas tarmligthe Coupesarte, Crèvecœur-en-Auge, Grandchamp-le-Château, Lécaude, agus Monteille amháin), Notre-Dame-d'Estrées-Corbon (críoch an bhardais tarmligthe Notre-Dame-d'Estrées amháin), Saint-Pierre-en-Auge (críoch na mbardas tarmligthe Boissey, Oudon, Mittois, Montviette, Saint-Georges-en-Auge, Sainte-Marguerite-de-Viette, agus Vieux-Pont-en-Auge).

Roinn Eure

Bardais a áirítear ina n-iomláine (19): Asnières, Bailleul-la-Vallée, Cormeilles, Fatouville-Grestain, Fiquefleur-Équainville, Fontaine-la-Louvet, La Chapelle-Bayvel, La Chapelle-Gauthier, La Chapelle-Hareng, La Goulafrière, La Lande-Saint-Léger, Le Bois-Hellain, Les Places, Manneville-la-Raoult, Piencourt, Saint-Germain-la-Campagne, Saint-Pierre-de-Cormeilles, Saint-Pierre-du-Val, Saint-Sylvestre-de-Cormeilles.

Roinn Orne

Bardais a áirítear ina n-iomláine (41):

Aubry-le-Panthou, Avernes-Saint-Gourgon, Camembert, Canapville, Champ-Haut, Champosoult, Chaumont, Cisai-Saint-Aubin, Coudehard, Coulmer, Croisilles, Crouttes, Écorches, Fresnay-le-Samson, Gacé, Ginai, Guerquesalles, La Fresnaie-Fayel, Le Bosc-Renoult, Le Ménil-Vicomte, Le Renouard, Les Champeaux, Lignères, Mardilly, Ménil-Froger, Ménil-Hubert-en-Exmes, Mont-Ormel, Montreuil-la-Cambe, Neauphe-sur-Dive, Neuville-sur-Touques, Orgères, Pontchardon, Résenlieu, Roiville, Saint-Aubin-de-Bonneval, Saint-Evroult-de-Montfort, Saint-Germain-d'Aunay, Saint-Gervais-des-Sablons, Sap-en-Auge, Ticheville, Vimoutiers.

Bardais nach n-áirítear ach go páirteach (2):

Bardas Gouffern en Auge (críoch na mbardas tarmligthe Avernes-sous-Exmes, Courménil, Exmes, Le Bourg-Saint-Léonard, Omméel, Saint-Pierre-la-Rivière, Silly-en-Gouffern, Survie agus Villebadin amháin), La Ferté-en-Ouche (críoch an bhardais tarmligthe Monnai amháin).

Chun cáiliú don ainmniúchán 'Pays d'Auge-Cambremer', ní mór na torthaí a bhuain agus an cheirtlis a dhéanamh laistigh de chríoch na mbardas seo a leanas:

Roinn Calvados

Bardais a áirítear ina n-iomláine (17):

Auvillars, Beaufour-Druval, Beuvron-en-Auge, Bonnebosq, Cambremer, Formentin, Hotot-en-Auge, La Houblonnière, La Roque-Baignard, Le Fournet, Léaupartie, Montreuil-en-Auge, Notre-Dame-de-Livaye, Repentigny, Rumesnil, Saint-Ouen-le-Pin, Victot-en-Auge.

Bardais nach n-áirítear ach go páirteach (2):

Bardas Mézidon Vallée d'Auge (críoch na mbardas tarmligthe Crèvecœur-en-Auge agus Monteille amháin), Notre-Dame-d'Estrées-Corbon (críoch an bhardais tarmligthe Notre-Dame-d'Estrées amháin).

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Ní féidir an chothromaíocht idir séimhe agus milseacht in 'Pays d'Auge' nó 'Pays d'Auge-Cambremer' a bhaint amach ach amháin trí úrfhíonta a bhfuil an mhilseacht nádúrtha cheart acu a úsáid. Tá na dálaí ithreach agus aeráide sa limistéar geografach oiriúnach go hidéalach don cheanglas sin toisc go n-áirithítear leo soláthar leordhóthanach uisce do na crainn úll (go háirithe sa samhradh nuair a bhíonn na torthaí ag fás), rud a mhaolaítear mar gheall ar dhoimhneacht theoranta na hithreach, inaistritheacht íseal an uisce mar gheall ar a uigeacht chréúil agus féar a bheith ann. Cuireann na heilimintí sin teorainn le spreacadh na gcrann, rud a chuireann ar a gcumas torthaí a thabhairt a bhíonn lán le siúcraí.

Baintear an beagán searbhais agus an stóinseacht atá sa gceirtlis amach tríd an gceanglas gur ó úlloird Pays d'Auge a thiocfadh tromlach (70 % ar a laghad) de na cineálacha ceannasacha sna cumaisc, atá á roghnú ar an leibhéal áitiúil le céad bliain anuas. Tá an aigéadacht íseal sa táirge ag teacht leis an gcion íseal de chineálacha aigéadacha.

Bíonn ocsaídiú sa laíon mar thoradh ar an modh an coipeadh a dhéanamh i ndabhcha. In éineacht le modhanna brúite nua-aimseartha, cuidíonn sé sin le hoidhreacht na dtréithe orgánaileipteacha a fhaightear trí úsáid a bhaint as brúiteoirí traidisiúnta agus fáisceáin fhada a chaomhnú, amhail an dath idir órbhuí agus buí oráiste a bhaineann le 'Pays d'Auge' nó 'Pays d'Auge-Cambremer' de ghnáth.

Déantar cáilíocht na buainte a bharrfheabhsú leis an modh treoraithe ardghais, rud a fhágann na chéad úlla a thiteann ag ainmhithe (a bhíonn ar dhroch-cháilíocht go minic agus péisteanna iontu). Tá éifeacht mhaolaithe i gceist leis an gcumhdach féir freisin de réir mar a thiteann siad agus áirithíonn sé dea-chaomhnú ar an talamh.

Cuireann an coipeadh tánaisteach nádúrtha le forbairt na ndea-bholaithe in ‘Pays d’Auge’ nó ‘Pays d’Auge-Cambremer’, ag athrú ó dhea-bholaithe torthaíocha lena mbaineann bolaithe ime úir sa cheirtlis óg agus bolaithe leathair de réir mar a théann sé in aois.

Tagairt leictreonach (URL) d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-4567f58b-5358-4bd6-94e2-2d733dea04f9